

Leachtú Cuideachta agus an Coiste Cigireachta

Treoir ghairid



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Clár na nÁbhar

Eolas ar an treoir seo	2
Cad is coiste cigireachta ann?	2
Cad é a dhéanann coiste cigireachta?	2
Cé atá in ann coiste cigireachta a cheapadh?	2
Cé atá in ann baill an choiste cigireachta a cheapadh?	3
Conas a cheaptar an coiste?	3
Cén fáth a mbunófaí coiste cigireachta?	4
Cad iad dualgais an choiste cigireachta?	4
Conas a fheidhmíonn an coiste?	5
Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?	5

Eolas ar an treoir seo

Tá an treoir ghairid seo déanta againn leis an ról atá ag coiste cigireachta faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

Cad is coiste cigireachta ann?

Is grúpa daoine é coiste cigireachta a dhéanann ionadaíocht ar chreidiúnaithe cuideachta nach féidir léi a fiacha a íoc níos mó agus atá á foirceannadh (á druidim síos) trína leachtú.

Is iad na creidiúnaithe na daoine (nó na cuideachtaí eile) a bhfuil airgead ar an gcuideachta acu. Is éard is leachtú ann an próiseas chun cuideachta a fhoirceannadh (a dhruidim síos) go dlíthiúil.

Cad é a dhéanann coiste cigireachta?

Tá dhá phríomhról ag coiste cigireachta:

- gníomhaíochtaí an leachtóra a mhaoirsiú (an té a cheaptar leis an gcuideachta a fhoirceannadh); agus
- cearta na gcreidiúnaithe a chosaint.

Cé atá in ann coiste cigireachta a cheapadh?

Is féidir le creidiúnaithe cuideachta atá á foirceannadh a shocrú cé acu ar mhaith nó nár mhaith leo coiste cigireachta a cheapadh.

I gcás leachtú deonach, ina bhfuil socrú déanta ag na creidiúnaithe an chuideachta a fhoirceannadh, féadfaidh na creidiúnaithe coiste cigireachta a cheapadh.

I gcás leachtú éigeantach, mar gheall ar ordú cúirte, ní mór don leachtóir cruinniú de na creidiúnaithe a ghairm más amhlaidh a iarrann 10 faoin gcéad ar a laghad de na creidiúnaithe cruinniú. Socrófar ag an gcruinniú sin cé acu a cheapfar nó nach gcheapfar coiste cigireachta.

Cé atá in ann baill an choiste cigireachta a cheapadh?

Is féidir le creidiúnaithe na cuideachta suas le **cúigear** daoine a cheapadh ar an gcoiste, agus is féidir leis an gcuideachta suas le **triúr** a cheapadh. Ní féidir níos mó ná **ocht** ball ná níos lú ná **beirt** a bheith ar an gcoiste.

Conas a cheaptar an coiste?

De ghnáth, ceapann na creidiúnaithe a mbaill siúd den choiste cigireachta ag cruinniú na gcreidiúnaithe nó ag cruinniú eile ina dhiaidh sin. Féadfaidh an chuideachta cruinniú ginearálta a ghairm le rún a chur tríd lena baill féin a cheapadh ar an gcoiste.

Féadfar, áfach, go gcuirfidh na creidiúnaithe i gcoinne cuid de na daoine atá ainmnithe ag an gcuideachta nó gach duine acu fiú. Má tharlaíonn sé sin, agus más mian leis an gcuideachta a hionadaithe ar an gcoiste a choinneáil, beidh uirthi ordú a fháil ón Ard-Chúirt leis sin a cheadú.

Cén fáth a mbunófaí coiste cigireachta?

Is féidir le coiste cigireachta cearta creidiúnaithe cuideachta a chosaint. Is féidir leis an gcoiste na rudaí seo a leanas go háirithe a dhéanamh:

- an leachtóir a dhéanamh cuntasach maidir le díol sócmhainní cuideachta (réadmhaoin, stoc agus acmhainní eile); agus
- leibhéal na dtáillí gearrtha ag an leachtóir a cheadú.

Tá sé seo tábhachtach mar baineann sé leis an méid airgid a gheobhaidh na creidiúnaithe, más amhlaidh a gheobhaidh siad cuid ar bith ar chor ar bith.

Cad iad dualgais an choiste cigireachta?

Is iad seo a leanas na príomhdualgais:

- gníomhaíochtaí an leachtóra a mhaoirsiú;
- táillí agus speansais an leachtóra a cheadú;
- cruinnithe den choiste a ghairm le plé a dhéanamh ar chúiseanna imní a bhaineann leis an leachtú;
- íocaíochtaí le cineálacha áirithe creidiúnaithe a cheadú nó comhshocrú comhghéillte a aontú le creidiúnaithe; agus
- a shocrú cé acu ba chóir nó nár chóir go mbeadh cumhacht go fóill ag na stiúrthóirí i rith an phróisis leachtaithe.

Conas a fheidhmíonn an coiste?

- Socraíonn na baill den choiste cén uair, cén áit agus cá mhinice a thagann siad le chéile.
- Is féidir le ball ar bith den choiste cruinniú a ghairm.
- Is féidir leis an leachtóir cruinniú den choiste a ghairm freisin.
- Más mian leat éirí as a bheith i do bhall coiste, ní mór duit scríobh chuig an leachtóir leis sin a chur in iúl dó/dí.
- Má bhíonn tú bancbhriste nó má chailleann tú dhá chruinniú i ndiaidh a chéile gan chead, ní ball den choiste níos mó tú.
- Is féidir ball den choiste a bhaint sa chás ina socraíonn móramh díobh siúd a cheap an ball sin (creidiúnaithe nó baill) déanamh amhlaidh.
- Ní mór go mbeadh níos mó ná leath de bhaill an choiste i láthair le go mbeidh an cruinniú bailí. Má tá seachtar ball ar an gcoiste, mar shampla, caithfidh ceathrar ball ar a laghad a bheith i láthair le go mbeidh an cruinniú bailí.


Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Is féidir leat teacht ar eolas níos sonraí faoi choistí cigireachta ar ár suíomh, www.osfc.ie.

Mura bhfuil tú cinnte cad é a chaithfidh tú a dhéanamh mar bhall de choiste cigireachta de réir an dlí, is ceart duit comhairle neamhspleách, ghairmiúil a fháil.

Séanadh

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo cuid de na dualgais bhunúsacha atá ar Choistí Cigireachta de réir an dlí. Ní léirmhíniú dlíthiúil atá ann ar chuid ar bith d'Acht na gCuideachtaí. Níl an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagrach as earráidí, míchruinneas ná easnaimh ar bith sa treoir seo agus níl sé/sí faoi dhliteanas i dtaca leo.



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

✉ Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghla 1890 315 015

☒ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*